Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**9427/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0089 (NLE)**

**ACP 36**
**WTO 51**
**RELEX 660**
**COAFR 113**
**FDI 17**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8287/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú arna bhunú leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú<br>– Glacadh |

1. An 25 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú arna bhunú leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú[1].

2. Phléigh Meitheal ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle ar a leibhéal féin an 23 Bealtaine 2025.

[1] 8287/25 + ADD 1.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

- an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú arna bhunú leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú, mar a leagtar amach é in 9425/25 + ADD 1, a ghlacadh, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

- a ordú go bhfoilseofar an Cinneadh ón gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

- a iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú, ach a nglacfar é, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil;

- Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.